V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11281 – GOLDMAN SACHS / CHARLESBANK CAPITAL PARTNERS / WORLD INSURANCE ASSOCIATES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 334/05)

1. An 13 Meán Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Charlesbank Capital Partners, LLC ('Charlesbank', SAM),

— Goldman Sachs Asset Management, LP ('Goldman Sachs Asset Management', SAM), faoi rialú Goldman Sachs Group, Inc (SAM),

— World Insurance Associates, LLC ('World Insurance Associates', SAM), faoi rialú aonair Charlesbank.

Gheobhaidh Charlesbank Capital Partner agus Goldman Sachs Asset Management rialú comhpháirteach ar World Insurance Associates de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Charlesbank a bhfuil cuideachtaí punainne aige atá gníomhach i seirbhísí gnó, i réimse an tomhaltóra, i gcúram sláinte, i dtionsclaíocht, i dteicneolaíocht agus sa bhonneagar teicneolaíochta, go príomha i Meiriceá Thuaidh,

— Soláthraíonn Goldman Sachs Asset Management seirbhísí infheistíochta agus comhairleacha ar fud margaí poiblí agus príobháideacha d'institiúidí idirnáisiúnta, do chomhairleoirí airgeadais agus do dhaoine aonair.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó World Insurance Associates: bróicéireacht árachais atá speisialaithe i línte árachais pearsanta agus tráchtála, in urra agus i mbannú, i sochair fostaithe, i seirbhísí airgeadais agus scoir, agus i réitigh bainistíochta caipitil dhaonna.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11281 – GOLDMAN SACHS / CHARLESBANK CAPITAL PARTNERS / WORLD INSURANCE ASSOCIATES

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.